Ceist na Gaeilge

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na pleananna atá ag an chomhrialtas nua don Ghaeilge mar phríomhábhar scoile san Ardteistiméireacht. Sula bhféachann tú ar an mhír, déan plé leis an duine in aice leat ar a bhfuil ar eolas agaibh faoin scéal seo cheana féin.

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus de na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. Government agenda _____
2. specifically _____
3. compulsory subject _____
4. Irish organizations _____
5. the wording _____
6. revision / reassessment _____
7. support(s) _____
8. before they are teased out _____
9. priority _____
10. difficulties and challenges _____
11. investigation _____

Ceist 3 Ag obair leis an duine in aice leat go fóill, breacaigí síos ábhar na míre in aon abairt amháin.

Ceist 4 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén plean a bhí i gceist ag Fine Gael don Ghaeilge roimh an olltoghchán?

2. Cad atá i ndán don Ghaeilge anois áfach i gclár rialtais an chomhrialtais?

3. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas faoin scéal?

Pádraig Mac Criostail
Julian de Spáinn
Muireann Ní Mhóráin

Ceist 5 ‘*na heagrais Ghaeilge’*

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an fhocal ***Gaeilge*** sa chás seo? Breac síos na rialacha ar fad atá ar eolas agat maidir leis an ghné seo.

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na bearnaí a líonadh leis an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní?

comhaid (mór) _____
eastáit (tithíochta) _____
gluaisteáin (salach) _____
buidéil (bainne) _____
crainn (darach) _____

Ceist 6 *‘clár’* - cláraigh

Féach ar na hainmfhocail seo thíos a bhí le cloisteáil sa mhír:

tuairisceoir, múineadh, athbhreithniú, feidhm, athruithe, ceart

(a) Aimsigh na briathra a dhéantar as fréamhacha na bhfocal seo.
(b) Breac síos an briathar saor san aimsir fháistineach do gach ceann acu.

Ceist 7 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Ar cheart go mbeadh an Ghaeilge mar ábhar éigeantach san Ardteistiméireacht? Cén fáth?

Cad iad na hathruithe ar cheart a chur i bhfeidhm ar churaclam na Gaeilge chun é a fheabhsú, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil atá ar eolas acu faoin scéal seo.

Ceist 2

1. Government agenda	*clár rialtais*
2. specifically	*go sonrach*
3. compulsory subject	*ábhar éigeantach*
4. Irish organizations	*eagrais Ghaeilge*
5. the wording	*an fhoclaíocht*
6. revision / reassessment	*athbhreithniú*
7. support(s)	*tacaíochtaí*
8. before they are teased out	*sula gcíorfar*
9. priority	*tosaíocht*
10. difficulties and challenges	*deacrachtaí agus dúshláin*
11. investigation	*iniúchadh*

Ceist 3

Abair leo ábhar na míre a scríobh in aon abairt amháin.

Ceist 4

1. Roimhe seo bhí sé i gceist ag Fine Gael fáil réidh leis an nGaeilge éigeantach, nó le bheith cruinn, fáil réidh leis an nGaeilge mar phríomhábhar Ardteistiméireachta.
2. Tá sé i gceist ag an dá Pháirtí sin go dtabharfaidh an Roinn Oideachais faoi chéimeanna le múineadh na Gaeilge a fheabhsú agus go ndéanfar athbhreithniú ar na siollabais seo.
3. **Pádraig Mac Criostail**
“Fáiltíonn an Chomhdháil roimh ghealltanas, roimh an ngealltanas i gclár an rialtais go ndéanfar athbhreithniú ar churaclam agus ar mhodhanna teagaisc na Gaeilge ag an mbun leibhéal agus ag an iar-bhun leibhéal, agus, go gcuirfear na tacaíochtaí agus na struchtúir chuí i bhfeidhm sula gcíorfar ceist na Gaeilge mar chroí-ábhar nó mar ábhar éigeantach ag leibhéal na hArdteistiméireachta.”
Julian de Spáinn, Conradh na Gaeilge
“Tá mé lán-sásta leis an athrú atá molta sa chlár rialtais go bhfuil siad chun athruithe a dhéanamh sa chóras agus go bhfuil sé sin ag tógáil tosaíochta ar aon rud eile. Tá súil againn anois a fheiceáil cén, céard iad na hathruithe a bheas déanta.”
Muireann Ní Mhóráin
“Is dóigh liom gur rud é seo gur cheart fáilte a chur roimhe mar tá gach duine á rá, ní haon rún é, go bhfuil deacrachtaí agus dúshláin ag baint le teagasc na Gaeilge sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna in Éirinn. Lena leithéid d’iniúchadh a dhéanamh, ní rud é a tharlóidh thar oíche, tógfaidh sé píosa fada. Is taighde leanúnach is gá a dhéanamh.”

Ceist 5

Bíonn séimhiú ar an aidiacht a leanann ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan caol san uimhir iolra i gcónaí! Ní bhaineann *na dentals* leis! Mar shampla:

- cosáin m***h***óra agus cosáin d***h***easa

Bíonn séimhiú ar ainmfhocal atá ag feidhmiú mar aidiacht a leanann ainmfhocal a chríochnaíonn le consan caol san uimhir iolra. Ach, ní i gcónaí mar bíonn *na dentals* i gceist! Mar shampla:

- báid seoil agus crainn g***h***iúise

comhaid (mór)	*comhaid mhóra*
eastáit (tithíochta)	*eastáit tithíochta*
gluaisteáin (salach)	*gluaisteáin shalacha*
buidéil (bainne)	*buidéil bhainne*
crainn (darach)	*crainn darach*

Ceist 6

(a) *tuairisceoir – tuairiscigh*
múineadh – múin
athbhreithniú – athbhreithnigh
feidhm – feidhmigh
athruithe – athraigh
ceart – ceartaigh

(b) *tuairisceofar*
múinfear
athbhreithneofar
feidhmeofar
athrófar
ceartófar

Ceist 7

Plé atá i gceist.

Eimear Ní Chonaola

Faoi chlár rialtais Fhine Gael agus Pháirtí an Lucht Oibre tá athbhreithniú iomlán le déanamh ar mhúineadh na Gaeilge. Ach, níl sé ráite go sonrach go bhfuil sé i gceist ag an gcomhrialtas nua deireadh a chur léi mar ábhar éigeantach san Ardteist. Labhair ár dtuairisceoir Caoimhe Ní Laighin le cuid de na heagrais Ghaeilge inniu faoi seo.

Caoimhe Ní Laighin

Roimhe seo, bhí sé i gceist ag Fine Gael fáil réidh leis an nGaeilge éigeantach, nó le bheith cruinn, fáil réidh leis an nGaeilge mar phríomhábhar Ardteiste. Ach níl an fhoclaíocht sin sa gclár rialtais idir Fine Gael agus Páirtí an Lucht Oibre. Tá sé i gceist ag an dá Pháirtí sin go dtabharfaidh an Roinn Oideachais faoi chéimeanna le múineadh na Gaeilge a fheabhsú agus go ndéanfar athbhreithniú ar na siollabais seo. Labhair Nuacht TG4 le cuid de na heagrais Ghaeilge inniu lena dtuairim i leith an athrú meoin seo a fháil.

Pádraig Mac Criostail, Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Fáiltíonn an Chomhdháil roimh ghealltanas, roimh an ngealltanas i gclár an rialtais go ndéanfar athbhreithniú ar churaclam agus ar mhodhanna teagaisc na Gaeilge ag an mbun leibhéal agus ag an iar-bhun leibhéal, agus, go gcuirfear na tacaíochtaí agus na struchtúir chuí i bhfeidhm sula gcíorfar ceist na Gaeilge mar chroí-ábhar nó mar ábhar éigeantach ag leibhéal na hArdteistiméireachta.

Julian de Spáinn, Conradh na Gaeilge

Tá mé lán-sásta leis an athrú atá molta sa chlár rialtais go bhfuil siad chun athruithe a dhéanamh sa chóras agus go bhfuil sé sin ag tógáil tosaíochta[i] ar aon rud eile. Tá súil againn anois a fheiceáil cén, céard iad na hathruithe a bheas déanta.

Muireann Ní Mhóráin

Is dóigh liom gur rud é seo gur cheart fáilte a chur roimhe mar tá gach duine á rá, ní haon rún é, go bhfuil deacrachtaí agus dúshláin ag baint le teagasc na Gaeilge sna bunscoileanna agus sna hiar-bhunscoileanna in Éirinn. Lena leithéid d'iniúchadh a dhéanamh, ní rud é a tharlóidh thar oíche, tógfaidh sé píosa fada. Is taighde leanúnach is gá a dhéanamh.

Caoimhe Ní Laighin

Ach, níl an Ghaeilge iomlán slán mar phríomhábhar Ardteiste go fóill. Tá sé scríofa sa gclár rialtais go bhfillfear ar cheist an éigeantais[ii] amach anseo. Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4, ag an Roinn Oideachais i mBaile Átha Cliath.

---

[i] *tosaíocht* a deirtear

[ii] na *héigeantachta* a deirtear